# Aisling Ghaeltachta: Ceacht 5 (4:40 -7:00)

Réamhobair

**Pléigh na ceisteanna seo le do chara roimh bhreathnú ar an mír**

- ·Cad a itheann tú gach maidin don bhricfeasta?

- Ithim gránach bricfeasta le bainne☐
- Ithim ósta le him agus le subh☐
- Ithim uibheacha☐
- Ithim ispíní☐

- Cén rud is fearr leat a dhéanamh ag an deireadh seachtaine?

- Is fearr liom spórt a imirt☐
- Is fearr liom dul go dtí an phictiúrlann☐
- Is fearr liom siopadóireacht a dhéanamh☐
- Is fearr liom dul amach le mo chairde☐

Cén saghas cailín í Aisling go dtí seo?

- Cailín deas is ea í☐
- Cailín gránna is ea í☐
- Cailín feargach is ea í☐

**Anois, féach ar an mír go dtí 7:00 agus líon isteach an freagra ceart:**

| | |
|---|---|
| Conas a mhothaíonn Aisling nuair nach dtagann Colm go dtí an phictiúrlann? | a. sásta<br>b. ar bís<br>c. brónach |
| Cén fáth a mbíonn Naoise agus na cailíní eile ag magadh faoi Aisling? | a. tá an iomarca cumhráin uirthi<br>b. tá sí caillte<br>c. thit sí ar an talamh |
| Cén duine a bhuaileann le hAisling ar an tsráid? | a. Pól<br>b. Colm<br>c. Ciarán |
| Cad ba mhaith le Colm a dhéanamh dáiríre? | a. Aisling a thabhairt go dtí an phictiúrlann<br>b. Aisling a thabhairt ar scoil<br>c. Aisling a thabhairt go dtí an Ghaeltacht |
| Conas a mhothaíonn Aisling nuair nach dtagann Colm go dtí an phictiúrlann? | a. sásta<br>b. ar bís<br>c. brónach |



**Anois, leis an duine in aice leat an féidir na tréithe a mheaitseáil leis na carachtair?**

Seo cúpla tréith le cuidiú leat

Is duine (deas, cineálta, greannmhar, lách, brónach, truamhéalach, gránna, mídhílis, bréagach, fiosrach, cúthaileach, réasúnta, drochbhéasach)…í Aisling/é Colm/í Naoise



Is duine

________________________________________

________________________________ í Aisling



Is duine

________________________________________

________________________________ é Colm



Is duine

________________________________________

________________________________ í Naoise



**Anois, i ngrúpaí de thriúr, an féidir libh labhairt faoi na rudaí a thaitin libh faoin scannán seo? Cuir ceist amháin ar a laghad ar gach duine. Seo roinnt ceisteanna agus cúpla nod le cuidiú libh.**

- Ar thaitin an scéal leat?
- Cén carachtar ba mhó a thaitin leat?
- Cén carachtar nár thaitin leat?
- Cad a mhothaigh tú ag féachaint ar an scannán seo?
- An gceapann tú go bhfuil an scannán seo spéisiúil? Cén fáth?
- Ar mhaith leat féachaint ar níos mó scannán Gaeilge cosúil leis an scannán seo?

**Anois, ar aghaidh libh chuig na cluichí atá ag dul leis an bpacáiste seo agus baingí sult astu!**

cluiche 1

cluiche 2

cluiche 3